*Fógra láithreáin i ndáil le Forbairt faoin Treoir maidir le Fuinneamh In-Athnuaite RED III)*

**AINM AN ÚDARÁIS PLEANÁLA**[1]

**FÓGRA LÁITHREÁIN**

Tá sé beartaithe agamsa, ……………………….. [2], iarratas a dhéanamh ar chead / ar chead coimeádta / ar chead de dhroim cead sracléaráide a dheonú (Uimh. Thag. an cheada sracléaráide: …………………………..)[3] chun forbairt a dhéanamh ag an láithreán sin:

……………………………………………………………………………………………… [4]

Is é seo a leanas a bheidh / atá i gceist leis an bhforbairt[5]

………………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………………… [6]

Tá an fhorbairt sin cumhdaithe le forálacha na Treorach maidir le Fuinneamh In-Athnuaite (Treoir (AE) 2023/2413) agus tá sé tábhachtach a lua go bhféadfaidh an t-iarratas pleanála a bheith faoi réir alt 34D den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú. Nuair a eisítear fógra de réir alt 34D(b), beidh feidhm ag forálacha airteagal 26A de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 go 2025.

Féadfar an t-iarratas pleanála a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ag oifigí an údaráis pleanála le linn a chuid uaireanta oscailte.

Féadfar aighneacht a dhéanamh i scríbhinn chuig an údarás pleanála, nó tuairim a thabhairt i scríbhinn don údarás pleanála, ach ann táille fhorordaithe, €20, a íoc, laistigh den tréimhse—

(a) 5 seachtaine, nó

(b) 2 sheachtain, i gcás iarratas pleanála ar fhorbairt trealaimh grian-fhuinnimh beagscála nó ar fhorbairt arb é atá inti suiteáil teaschaidéil beagscála nach caidéal ó fhoinse na talún é,

dar tosach an dáta a fhaigheann an t-údarás an t-iarratas, agus déanfaidh an t-údarás pleanála aighneachtaí nó tuairimí a bhreithniú le linn cinneadh a dhéanamh faoin iarratas. Féadfaidh an t-údarás pleanála cead a dheonú, fara coinníollacha ní gan choinníollacha, nó féadfaidh sé diúltú cead a dheonú.

Arna shíniú ag: ...........................................................................[7]

Dáta ar cuireadh an fógra láithreáin in airde: ....................................[8]

**Treoracha maidir leis an bhfógra seo a chomhlánú**

1. Is ceart ainm an údaráis pleanála ar chuige a dhéanfar an t-iarratas pleanála a chur isteach anseo.

2. Is ceart ainm an iarratasóra ar chead (seachas ainm a ghníomhaire nó a gníomhaire) a chur isteach anseo.

3. Scrios de réir mar a oireann. Is iad seo a leanas na cineálacha ceada a bhféadfar iad a lorg—

(a) cead,

(b) cead coimeádta,

(c) cead sracléaráide, nó

(d) cead de dhroim cead sracléaráide a dheonú. Más cineál ceada den sórt seo atá á lorg, is ceart uimhir thagartha an cheada sracléaráide iomchuí sa chlár pleanála a chur san áireamh.

4. Is ceart suíomh, baile fearainn nó seoladh poist na talún nó an déanmhais lena mbaineann an t-iarratas a chur isteach anseo.

5. Scrios de réir mar a oireann. Is ceart an aimsir láithreach a úsáid i gcás ina bhfuil cead coimeádta á lorg.

6. Is ceart tuairisc ghearr ar chineál agus ar mhéid na forbartha a chur isteach anseo. Is ceart an méid seo a leanas a áireamh sa tuairisc—

(a) an cineál forbartha RED III lena mbaineann an t-iarratas (e.g. stóráil fuinnimh chomhshuite; forbairt iomchuí grianfhuinnimh; forbairt fuinnimh in-athnuaite; forbairt athchumhachtaithe; teaschaidéal beagscála nach caidéal ó fhoinse na talún é; forbairt trealaimh grianfhuinnimh beagscála),

(b) i gcás ina mbaineann an t-iarratas le coimeád déanmhais, cineál úsáid bheartaithe an déanmhais agus, i gcás inarb iomchuí, an tréimhse ar lena linn a bheartaítear an déanmhas a choimeád,

(c) i gcás ina mbaineann an t-iarratas le forbairt a d'fhéadfadh a bheith i gceist léi, nó a d'fhéadfadh a chuimseodh sí, oibreacha a dhéanamh ar dhéanmhas cosanta nó ar dhéanmhas cosanta beartaithe, léiriú ar an méid sin,

(d) i gcás measúnacht tionchair timpeallachta nó ráiteas Natura a bheith ullmhaithe i leith an iarratais pleanála, léiriú ar an méid sin,

(e) i gcás ina mbaineann an t-iarratas le forbairt arb é atá i gceist léi gníomhaíocht a fhorbairt, nó gníomhaíocht atá ann d'fhonn gníomhaíocht a fhorbairt, ar gníomhaíocht í a bhfuil gá le ceadúnas comhtháite rialaithe truaillithe nó ceadúnas dramhaíola ina leith, léiriú ar an méid sin,

(f)i gcás ina mbaineann iarratas pleanála le forbairt arb é atá i gceist léi bunachas de réir bhrí Chuid 11 de na Rialacháin seo (An Treoir maidir le Mórthionóiscí) a sholáthar nó modhnuithe a dhéanamh air, léiriú ar an méid sin, agus

(g) i gcás tuairim faoi mhionsonraí neamhdhaingnithe a bheith ag gabháil le hiarratas, léiriú ar an méid sin.

7. Is ceart síniú an iarratasóra, nó síniú agus seoladh teagmhála an duine atá ag gníomhú thar ceann an iarratasóra, a chur isteach anseo.

8. Is ceart an dáta a chuirtear an fógra suas, nó a fheistítear é, a chur isteach anseo.